AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 15.2.2022
SWD(2022) 31 final

DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

a ghabhann leis an doiciméad

Togra le haghaidh
RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027

{COM(2022) 57 final} - {SEC(2022) 77 final} - {SWD(2022) 30 final}

Measúnú tionchair ar chóras cumarsáide domhanda atá slán agus spásbhunaithe a thógáil le haghaidh an Aontais Eorpaigh
A. An gá atá le beart
Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?
An hipirnascacht dhigiteach agus an t-aistriú teicneolaíoch, is meigithreochtaí iad lena spreagtar méadú gan fasach ar an éileamh ar sheirbhísí atá ag brath ar theicneolaíochtaí imeallacha, agus lena gcuirtear feabhas ar shábháilteacht, ar shlándáil agus ar athléimneacht. A bhuí leis an gcóras idirnáisiúnta atá ag athrú go tapa, is sócmhainn straitéiseach don tslándáil agus don tsábháilteacht í an nascacht satailíte dhomhanda. Ar leibhéal an Aontais, tá na riachtanais i ndáil le cumarsáid satailíte rialtais ag méadú go cainníochtúil agus ag athrú go cáilíochtúil, agus ag bogadh i dtreo réitigh shlándála mhéadaithe, aga folaigh íseal agus bandaleithead níos mó. Is é an fhadhb is mó atá ann dá bhrí sin go bhfuil neamhréir ann idir na riachtanais rialtasacha sin atá ag athrú go tapa agus an easpa réiteach san Aontas (ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa araon) maidir le seirbhísí cumarsáide satailíte atá slán, iontaofa agus éagsúil, rud a chumasaítear go háirithe leis an teicneolaíocht cheannródaíoch a bhaineann le Domhanfhithis Íseal agus Domhanfhithis Mheánach. Is iad na príomhchúiseanna atá leis an méadú ar leibhéal na bagartha hibridí agus na cibearbhagairtí, riachtanais shíorathraitheacha na cumarsáide satailíte rialtais maidir le haga folaigh íseal agus cumhdach domhanda, chomh maith leis an easpa acmhainneachta atá ar shócmhainní spáis a bheith in ann tacú leis na riachtanais atá ag athrú i gcónaí. Is iad gníomhaithe rialtais na mBallstát is mó a ndéantar difear dóibh agus imrítear tionchar freisin ar shlándáil agus ar shábháilteacht shaoránaigh uile an Aontais. Ina theannta sin, déantar difear díreach freisin don spás Eorpach (lena n-áirítear an Spás Nua) agus ar iomaíochas an tionscail dhigitigh. Chomh fada agus a bhaineann sé le cúrsaí ar scála is mó, d'fhéadfadh an fhadhb sin difear a dhéanamh d'inchreidteacht an Aontais agus na mBallstát mar ghníomhaí slándála ar an leibhéal domhanda.
Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?
Is é cuspóir ginearálta an tionscnaimh ceannasacht agus slándáil an Aontais Eorpaigh a chosaint trí sholáthar réiteach cumarsáide satailíte rialtais atá athléimneach, domhanda, ráthaithe agus solúbtha, a mhéadú, ar réitigh iad a bheidh bunaithe ar bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch de chuid an Aontais. Bunaithe ar GOVSATCOM AE agus EUROQCI agus ar chur chuige seirbhísbhunaithe dian, beidh an tionscnamh atá beartaithe in ann roinnt bearnaí acmhainneachta a líonadh, go príomha d'úsáideoirí rialtais, trí réitigh shlándála mhéadaithe, aga folaigh íseal agus bandaleithead níos mó a sholáthar. Chuige sin, bainfear amach aga folaigh íseal agus bandaleithead níos mó trí shócmhainní ilfhithiseacha a imscaradh (LEO agus MEO chomh maith leis anGEO atá ann cheana); agus slándáil fheabhsaithe trí chripteagrafaíocht chandamach (EUROQCI). D'fhéadfaí tosú ar dhearadh an chórais mar aon le forbairt agus imscaradh incriminteach ó 2023 amach. Agus na chéad shatailítí nua á gcur chun úsáide agus an acmhainneacht cumarsáide satailíte atá ann cheana á húsáid, bheifí in ann seirbhísí tosaigh agus tástáil i bhfithis ar chripteagrafaíocht chandamach a sholáthar faoi 2024-2025. D'fhágfadh úsáid iomlán an réaltbhuíon spáis leis an gcripteagrafaíocht chandamach chomhtháite go mbeadh cumas iomlán oibriúcháin ann faoi 2027.
Cad é an breisluach atá le beart ar leibhéal an Aontais?
Ní féidir leis na Ballstáit féin cuspóirí an tionscnaimh bheartaithe a bhaint amach go leordhóthanach ós rud é nach féidir scála agus gné dhomhanda na riachtanas atá ag teacht chun cinn agus na gcostas gaolmhar a réiteach ach ar leibhéal an Aontais. Le gníomhaíocht agus comhordú ar leibhéal an Aontais, sheachnófaí dúbláil iarrachtaí ar fud an Aontais agus na mBallstát, agus mhéadófaí sineirgí idir an acmhainneacht atá ann cheana agus na comhphobail a bheidh ann amach anseo, chomh maith leis na pobail shibhialta, spáis agus slándála. D'fhágfadh sé go mbeifí in ann na sócmhainní atá ann cheana a shaothrú ar bhealach níos fearr agus, dá bhrí sin, barainneachtaí scála, slándáil agus athléimneacht a mhéadú, go háirithe trí chripteagrafaíocht chandamach, trí chlúdach geografach níos fearr, gan bhriseadh, agus trí sholáthar seirbhísí níos solúbtha. Bhainfeadh gach saoránach Eorpach tairbhe dhíreach ar an mbealach céanna as éifeachtacht oibríochtúil fheabhsaithe an tionscnaimh.
B. Réitigh
Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?
Chun an bhearna acmhainneachta i soláthar na seirbhísí rialtais riachtanacha a dhúnadh, rinneadh na roghanna

beartais seo a leanas a mheas chun an cuspóir a bhaint amach ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla: Ar an gcéad dul síos, measadh an bhféadfadh an tAontas na seirbhísí creidiúnaithe slána sin a cheannach ó réitigh arna mbunú ag an earnáil phoiblí nó phríobháideach, agus a bhfuil teorann leo faoi láthair do sholáthraithe margaidh eachtraigh (**Rogha 3 – buíonta neamh-AE**). Cé go bhfuil margadh cumarsáide satailíte an Aontais forbartha go maith cheana féin, níl aon soláthraithe AE ann faoi láthair atá in ann freastal ar na riachtanais rialtais atá ag dul i méid agus ag athrú. Ó thaobh na slándála agus an neamhspleáchais straitéisigh de, b'fhearr gan na seirbhísí a cheannach ó fhoinsí príobháideacha neamh-AE. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas gníomhú chun soláthar na seirbhísí sin a áirithiú trí lánmhaoiniú agus trí sholáthar a chórais féin **(Rogha 1 – poiblí go hiomlán)** nó trí chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a bhunú (**Rogha 2 – i bhfoirm lamháltais**). Measadh gurb í an rogha dheireanach an rogha thosaíochta, ar rogha í lena mbainfí amach an chothromaíocht cheart idir riachtanais slándála agus iontaofachta na mBallstát agus an t-ualach airgeadais a bhaineann le himscaradh agus oibriú an chórais. Cheadódh an rogha seo freisin don chomhpháirtí príobháideach eilimintí breise bonneagair a imscaradh chun seirbhísí tráchtála a sholáthar.

Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?

Léiríodh an méid seo a leanas le torthaí an chomhairliúcháin phoiblí agus le comhairliúcháin spriocdhírithe bhreise:

- Chuir roinnt Ballstát aiseolas dearfach ar fáil maidir leis an rogha le haghaidh comhpháirtíocht phoiblí phríobháideach, ag tógáil ar chomhtháthú acmhainneacht GOVSATCOM AE atá ann cheana chomh maith le tásca maidir le gealltanais náisiúnta i leith acmhainneacht bhreise cumarsáide satailíte a fhorbairt.
- Bhí na páirtithe leasmhara tionsclaíocha, is iad sin an tionscal seanbhunaithe agus éiceachóras an Spáis Nua araon, i bhfabhar an tsamhail comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha, i bhfianaise na féidearthachta seirbhísí tráchtála breise a sholáthar agus infheistíocht a dhéanamh dá réir sin.
- Thacaigh oibreoirí buíonta neamh-AE le rogha 3, i gcás ina soláthródh an tAontas seirbhísí óna gcórais.

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?

Leis an rogha thosaíochta, bheadh an tAontas in ann córas nascachta spásbhunaithe atá slán a fháil ar chostas níos ísle, toisc go roinnfeadh an tAontas an dearadh, an fhorbairt agus an t-imscaradh leis an oibreoir príobháideach. Cruthaíonn rannpháirtíocht na hearnála príobháidí tairbhí breise; mar gheall ar an iomaíocht le linn an phróisis lamháltais, bheadh réitigh nuálacha ann agus chuirfeadh sé sin le hiomaíochas thionscal an Aontais. Thairis sin, déanfaidh an lamháltóir/na lamháltóirí an córas a shaothrú le haghaidh seirbhísí tráchtála freisin, rud a chruthóidh sochair bhreise don earnáil iartheachtach; Chuirfeadh forbairt córais nua go mór le geilleagar tionsclaíoch an Aontais (le haghaidh gníomhaithe príobháideacha réamhtheachtacha agus iartheachtacha araon); rud a chruthódh poist bhreise agus a chuirfeadh le holl-bhreisluach (OBL) thionscal spáis na hEorpa. Bhainfeadh na saoránaigh tairbhe as buntáistí teicneolaíochta agus iontaofacht na cumarsáide satailíte. D'fhéadfadh lorg sóisialta na seirbhísí cumarsáide satailíte dul níos faide ná comhthéacsanna diana rialtais agus d'fhéadfaí an deighilt dhigiteach a shárú leis trí leathanbhanda a chur ar fáil do limistéir nach bhfuil nasctha.

Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?

Bheadh costas iomlán an bhonneagair chomh hard le tuairim is € 6 bhilliún. D'fhéadfaí cumasc cistí i bhfoirm comhpháirtíochta poiblí phríobháidí (CPP) a struchtúrú mar a leanas: € 4 bhilliún ón earnáil phoiblí (an tAontas agus na Ballstáit) agus € 2 bhilliún ón earnáil phríobháideach.

Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?

An tionscal spáis (lena n-áirítear an Spás Nua): ag cothú na nuálaíochta maidir le teicneolaíochtaí spáis réamhtheachtacha, lainseálaithe, agus feidhmchláir iartheachtacha a chuirfidh ar a gcumas a n-iomaíochas domhanda a mhéadú. An tionscal digiteach: cuirfidh saothrú córais den sórt sin ar chumas oibreoirí teileachumarsáide tairbhe a bhaint as acmhainn mhéadaithe agus as seirbhísí iontaofa agus slána. Ina theannta sin, leis an ngné tráchtála beidh seirbhísí miondíola in ann teacht ar níos mó custaiméirí ar fud an Aontais. Bainfidh gach gnólacht eile tairbhe as an nasc slán iontaofa, rud a chuirfidh ar a gcumas seirbhísí nua a chur ar fáil gan bheith chomh leochaileach céanna i leith cibearbhagairtí agus cur isteach ar sheirbhísí.

An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Faoin rogha thosaíochta, ní bheidh aon tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta ná ar údaráis riaracháin náisiúnta. Bheadh ar na húsáideoirí rialtais a dtrealamh a oiriúnú chun tairbhe a bhaint as an tseirbhís. Mar sin

féin, níl infheistíocht shuntasach i gceist leis sin.
An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?
Bheadh tionchar dearfach ag an rogha thosaíochta ar iomaíochas domhanda thionscal spáis na hEorpa, go háirithe i réimse na n-oibríochtaí a bhaineann le buíonta ilfhithiseacha agus ilsatailíte. Thairis sin, d'áiritheodh an tAontas, trí rialú a dhéanamh ar an gcóras faoin rogha thosaíochta, go ndearfaí agus go n-oibreofaí é ar bhealach inbhuanaithe, agus i gcomhréir leis na caighdeáin atá ann cheana maidir le timpeallacht an spáis a chosaint.
D. Obair leantach
Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?
Dhéanfaí meastóireacht ar an gcóras gach ceathrú bliain bunaithe ar KPI tiomnaithe a bhaineann lena chumas chun bearnaí sainaitheanta acmhainneachta i riachtanais úsáideoirí rialtais a fhreagairt, ar rochtain ráthaithe gan bhriseadh ar réitigh shlána cumarsáide satailíte agus ar leibhéal iomchuí neamhspleáchais tríú tíortha.